



**lwetb**

*Bord Oideachais agus Oiliúna  
an Longfoirt agus na hIarmhí*

Longford and Westmeath  
Education and Training Board

**Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí**

**Ráitis Airgeadais le haghaidh na Bliana dar Chríoch 31ú Nollaig 2022**

**BOOLE Uimhir Carthanachta 20083762**

**Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí**

**Innéacs do na Ráitis Airgeadais le haghaidh na Bliana dar chríoch 31ú Nollaig 2022**

<b>Ábhar</b>	<b>Leathanach</b>
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird	3
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	4-10
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	11-12
Ráiteas Oibriúcháin	13
Ráiteas Sócmhainní Reatha agus Dlíteanas Reatha	14
Nótaí chuig na Ráitis Airgeadais	15-32

## Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI) ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Éilíonn Alt 51 den Acht sin ar BOOLI gach cuntas ceart agus gach gnáthchuntas maidir le hairgeadas a fhaigheann sé nó a chaitheann sé i bhfoirm agus le haghaidh tréimhsí cuntasáochta a d'fhéadfadh an tAire Oideachais a fhaomhadh le toil an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar an mBord

- (a) na beartais cuntasáochta chaighdeánacha i dtaca le hullmhú ráitis airgeadais de chuid BOO a chur i bhfeidhm
- (b) breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- (c) aon seachrán ábhartha ó na beartais cuntasáochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair cuntais chearta a choinneáil a nochtann riocht airgeadais an Bhoird, le cruinneas réasúnta ag aon am, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh i dtaobh calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aithint.

Síniú:

  
Aoife Davitt (tír 78, 2023 13 46 011 1)

Cathaoirleach: Clr. Aoife Davitt

Dáta: 28<sup>ú</sup> Meitheamh 2023

## **Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí**

### **Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach**

Tháinig Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI) ar an bhfód ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha Acht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Leagtar amach an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna i gCiorclán 002/2019, a d'eisigh an Roinn Oideachais chuig gach BOO in Eanáir 2019. Ghlac BOOLI an Cód chuige féin ag a chruinniú i Feabhra 2019.

Bunaíodh Bord nua de chuid BOOLI i Meán Fómhair 2019, agus ag a chruinniú i nDeireadh Fómhair chuir an Bord ceapachán de Choiste Airgeadais nua agus de Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) i gcrích.

### **Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**

Mar chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí, aithním freagracht an Bhoird i leith a chinntiú go gcaomhnaítear agus go bhfeidhmítear córas rialaithe inmheánaigh éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch. Níl de chumas ag an gcóras ach cinnteacht réasúnta a thabhairt go bhfuil cosaint ag na sócmhainní, go bhfuil na hidirbhearta faofa agus go ndéantar taifead cuí dóibh, agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go n-aithneofaí iad go tráthúil, agus níl de chumas aige cinnteacht iomlán a thabhairt ina dtaobh siúd.

### **Príomhnósanna Imeachta Rialaithe**

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí na bainistíochta agus na foirne a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaithe cuí a chinntiú.
- Córas foirmiúil bainistíochta riosca lena n-áirítear nósanna imeachta a bhunú chun gach riosca a d'fhéadfadh cosc a chur ar BOO an Longfoirt agus na hIarmhí a chuid cuspóirí a bhaint amach a aithint agus a mheas.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh a fheidhmíonn BOOLI bunaithe ar:

- Nósanna imeachta riaracháin sonracha
- Deighilt dualgais
- Údaruithe sonracha
- Seiceálacha inmheánacha
- Athbhreithniú bainistíochta míosúil ar thuairiscí a thugann breac-chuntas ar fhíorthorthaí agus ar thorthaí buiséadaithe clár a fheidhmíonn BOOLI.

### **Creat Maoirseachta an Bhoird**

Cuireann an méid seo a leanas bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- An Príomhfheidhmeannach, a bhfuil freagracht air maidir leis an gcreat rialaithe.
- Moltaí a dhéanann an tArd-reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta agus i dtuairiscí eile.
- Moltaí a rinne an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí
- Obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais.

### **An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca**

Cuireann obair an CIR, a chruinnigh cúig huaire in 2022, bonn eolais faoi mhaoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánaigh. D'áirigh clár oibre an CIR meas ar:

- Tuairiscí iniúcháireachta inmheánaí

- Tuairiscí iniúcháireachta seachtraí agus litreacha bainistíochta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB)
- An Creat Bainistíochta Riosca
- An Clár Riosca
- An Clár Iniúchta
- Tuairisc na hiniúcháireachta comhlíontachta
- Tuairiscí Bainistithe Riosca ón Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta (STFE)
- Tuairisc tuairime chuig an mBord maidir le leordhóthanacht agus oiriúnacht na gcóras rialaithe inmheánaigh

Chuir Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta tuairiscí ar fáil maidir le feidhmiú na rialaithe agus bhail sé leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2022. Bhail an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an ARC&C agus le III-BOO.

Rinne an CIR athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh le haghaidh na tréimhse tuairiscithe 5 Márta 2023.

### **An Coiste Airgeadais**

Cuireann obair an Choiste Airgeadais, a chruinnigh cúig huair in 2022, bonn eolais faoi mhaoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánaigh chomh maith. D'áirigh clár oibre an Choiste Airgeadais meas ar:

- Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2022
- Moltaí Bhord na RAB 2022
- Cuntais Ioncaim agus Caiteachais Mhósúla
- Ráiteas Straitéise
- Plean Seirbhíse
- Plean Soláthair Chorporáideach

Thuairiscigh Stiúrthóir TFE, an fhoireann shinsearach airgeadais agus Stiúrthóir an Bhreisoideachais agus an Bhreisoiliúna (BOBO) chuig an gCoiste Airgeadais sa bhliain 2022. Rinne an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2022 ar an 15 Márta 2023 agus mholadar don Bhord go nglacfaí chucu iad.

### **Iniúcháireachtaí Inmheánacha**

Cuireann an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí - Na Boird Oideachais agus Oiliúna (III-BOO)na), a chuireann tuairim iomlán ar fáil ar na réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu, Iniúcháireacht Inmheánach ar fáil. Bíonn an tuairim iomlán bunaithe ar na torthaí a sainaitníodh i gcaitheamh an iniúchta agus is mar seo a leanas an réimse tuairimí féideartha:

Cuimsitheach: Tá an córas rialaithe inmheánaigh imleor agus feidhmíonn sé go héifeachtach.  
Imleor: Tá an córas rialaithe inmheánaigh imleor den mhórchuid agus feidhmíonn sé go héifeachtach.  
Neamhleor: Níl an córas rialaithe inmheánaigh imleor agus ní fheidhmíonn sé go héifeachtach.

Rinneadh iniúchadh ar an Athbhreithniú ar Mholtaí Iniúcháireachta a Rinneadh Cheana sa bhliain 2021 agus cuireadh i láthair don CIR é ar an 28 Eanáir 2022. An toradh a bhí sa tuairisc ar an iomlán ná go raibh tuairim iniúcháireachta Chuimsitheach ann. Rinneadh ocht moladh agus tríocha - ocht gcinn déag arda, seacht gcinn déag meán agus trí cinn ísle. Cuireadh tríocha de na moltaí seo i bhfeidhm, sé cinn go páirteach agus ba fhadhbanna náisiúnta iad dhá cheann a bhí faoi réir athbhreithnithe ag leibhéal Roinne.

Rinneadh iniúchadh de chuid III-BOO ar úsáid BOBO sa bhliain 2021 agus fuair an CIR an tuairisc in Eanáir 2022. An toradh iomlán ar an tuairisc ná go raibh tuairim Imleor ann. Rinneadh aon mholadh déag go hiomlán - ceann ard, ocht gcinn meán agus dhá cheann ísle. Chuaigh BOOLI i ngleic leis an

moladh ard. Bhain sé cinn de na moltaí meán le cúrsaí stairiúla ar tugadh aghaidh orthu ó shin. Tá an dá cheann atá fágtha á n-athbhreithniú agus tugadh aghaidh ar an dá mholadh ísle. Aithníodh nach ndearnadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar ghrúpa naoi teagascóir déag agus rinneadh teagmháil leo seo láithreach chun a rá leo próiseáil a dhéanamh ar a ngrinnfhiosrúcháin.

### **Iniúchóireachtaí Earnála**

Rinne an CIR athbhreithniú an 7/1/2022 ar thuairiscí earnála de chuid III-BOO maidir le Cuntais Bhainc Scoile, Oiliúna ar Conradh agus Ógtheagmhála. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na moltaí sna tuairiscí earnála seo bhí an CIR den tuairim nárbh ann d'aon mholadh ard nó meán a raibh gá do Bhord Oiliúna agus Oideachais an Longfoirt agus na hlarmhí aghaidh a thabhairt orthu.

Cuireadh iniúchadh ar rialaithe inmheánacha de chuid BOOLI i gcrích agus cuireadh i láthair é chuig an CIR é Eanáir 2022. Ba é toradh iomlán na tuairisce ná go raibh córas rialaithe inmheánaigh Cuimsitheach i bhfeidhm.

### **Sárailte an Chórais Rialaithe Inmheánaigh - Soláthar**

Leanann BOOLI air ag oibriú i dtreo a chuid freagrachtaí uile i dtaca le rialacháin agus riachtanais soláthair a chomhlíonadh. Tá cásanna ann ina sholáthraítear earraí agus seirbhísí ó fiche a sé de shuíomhanna éagsúla trí phróisis soláthair iomaíocha, i dtreoir le Beartas Soláthair BOOLI, ach sáraíonn an luach cumaisc i measc na suíomhanna uile tairseacha tairisceana Náisiúnta/AE. Bunaithe ar anailís ar chaiteachas in 2022 i réimsí ina raibh próiseas ríomhthairisceana oiriúnach, aithníodh go raibh caiteachas €778,402 gan CBL san áireamh neamhchomhlíontach mar seo a leanas:

- (i) Bhí an caiteachas de €35,448 le haghaidh ábhair Táthaithe. Tá an caiteachas seo i bhfad níos airde de bharr arduithe praghais ábhar gan choinne le linn 2022 de bharr na meastachán a úsáideadh. Beartaíodh comórtas soláthair chun comhlíontacht a chinntiú in 2022 ach de bharr ganntanas foirne, tá an tairiscint seo fógartha le haghaidh ráithe 2 do 2023.
- (ii) Bhí caiteachas €80,394 ann le haghaidh ábhair leictreacha. Tá an caiteachas seo i bhfad níos airde de bharr arduithe praghais ábhar gan choinne le linn 2022 de bharr na meastachán a úsáideadh. Beartaíodh comórtas soláthair le chun comhlíontacht a chinntiú in 2022 ach de bharr ganntanas foirne, tá an tairiscint seo fógartha le haghaidh ráithe 1 in 2023.
- (iii) Bhí an caiteachas de €38,392 le haghaidh Troscán. Tá an caiteachas seo i bhfad níos airde de bharr an méadú i gcóiríocht shealadach mar gheall ar an ardú gan fasach maidir le líon na mac léinn. Tá comórtas soláthair beartaithe ag an BOOÉ.
- (iv) Bhí an caiteachas de €45,675 le haghaidh ábhair innealtóireachta. Tá an caiteachas seo i bhfad níos airde de bharr arduithe praghais ábhar gan choinne le linn 2022 de bharr na meastachán a úsáideadh. Beartaíodh comórtas soláthair chun comhlíontacht a chinntiú in 2022 ach de bharr ganntanas foirne, tá an tairiscint seo fógartha le haghaidh ráithe 1 in 2023.
- (v) Bhí an caiteachas de €28,170 le haghaidh garraíodóireachta. Tá an caiteachas seo i bhfad níos airde de bharr arduithe praghais ábhar gan choinne le linn 2022 de bharr na meastachán a úsáideadh. Féadfar go mbeidh gá le comórtas soláthair le haghaidh comhlíonadh a áirithiú i ráithe 2 2023.
- (vi) Bhí an caiteachas de €46,735 le haghaidh péinteála. Tá an caiteachas seo i bhfad níos airde de bharr arduithe praghais ábhar gan choinne le linn 2022 de bharr na meastachán a úsáideadh. Beartaíodh comórtas soláthair chun comhlíontacht a chinntiú in 2022 ach de bharr ganntanas foirne, tá an tairiscint seo fógartha le haghaidh ráithe 2 in 2023.
- (vii) Bhí an caiteachas de €75,806 le haghaidh ionaid do ghníomhaíochtaí lasmuigh. Tá an caiteachas seo i bhfad níos airde de bharr arduithe praghais ábhar gan choinne le linn 2022 de bharr na meastachán a úsáideadh. Beartaíodh comórtas soláthair do chreat faoi “seirbhísí painéil”

chun comhlíontacht a chinntiú in 2022 ach de bharr ganntanas foirne, tá an tairiscint seo fógartha le haghaidh ráithe 1 in 2023.

- (viii) Bhí an caiteachas de €40,532 le haghaidh Cruach. Tá an caiteachas seo i bhfad níos airde de bharr arduithe praghais ábhar gan choinne le linn 2022 de bharr na meastachán a úsáideadh. Beartaíodh comórtas soláthair chun comhlíontacht a chinntiú in 2022 ach de bharr ganntanas foirne, tá an tairiscint seo fógartha le haghaidh ráithe 2 in 2023.
- (ix) Bhí an caiteachas de €33,719 le haghaidh oibreacha Saoirseachta. Caiteachas gan choinne a bhí ann. Tá comórtas pleanáilte anois do ráithe 2 in 2023.
- (x) Bhí an caiteachas de €37,506 le haghaidh ábhair bholscaireachta. Tá an caiteachas seo i bhfad níos airde de bharr arduithe praghais ábhar gan choinne le linn 2022 de bharr na meastachán a úsáideadh. Tá comórtas soláthair á phleanáil chun comhlíontacht i ráithe 4 2023 a chinntiú.
- (xi) Bhí an caiteachas de €58,212 le haghaidh Brandáil. Tá an caiteachas seo i bhfad níos airde de bharr arduithe praghais ábhar gan choinne le linn 2022 de bharr na meastachán a úsáideadh. Cuireadh comórtas soláthair i gcrích i Meitheamh 2022.
- (xii) Bhí an caiteachas de €31,129 le haghaidh Comharthaíochta Tá an caiteachas seo i bhfad níos airde de bharr arduithe praghais ábhar gan choinne le linn 2022 de bharr na meastachán a úsáideadh. Tá comórtas soláthair á phleanáil chun comhlíontacht i ráithe 4 2023 a áirithiú.
- (xiii) Bhí an caiteachas de €5,351 le haghaidh stáiseanóireacht ó sholáthraí nach bhfuil ar an gcreat BOOLI.
- (xiv) Bhí an caiteachas de €91,575 le haghaidh deisiúcháin foirgneamh. Tá an caiteachas seo i bhfad níos airde de bharr arduithe praghais ábhar gan choinne le linn 2022 de bharr na meastachán a úsáideadh. Tá comórtas soláthair á phleanáil chun comhlíontacht i ráithe 2 2023 a áirithiú.
- (xv) Bhí an caiteachas de €129,758 le haghaidh trealamh agus deisiúcháin do chúrsa oiliúna ar Conradh. De bharr práinne maidir le soláthar cuí a chur ar fáil do na foghlaimeoirí, níor leanadh na nósanna imeachta de réir mar a bhí de dhíth. Chuir BOOLI an Roinn Oideachais, SOLAS agus na Coimisinéirí loncain ar an eolas maidir leis na fadhbanna. Chuir na trí eagraíocht in iúl go bhfuil siad sásta gur thóg BOOLI an cur chuige ceart maidir le láimhseáil na faidhbe. Chuir na Coimisinéirí loncain in iúl nach gcreideann siad go bhfuil faoi dliteanas ó BOOLI mar gheall ar an gcás.

D'fhorbair BOOLI Plean Soláthair Chorporáideach le haghaidh 2022-2023 (an séú plean dá leithéid) a leagann amach na gníomhaíochtaí atá de dhíth chun dul i ngleic le réimsí neamhchomhlíontachta aitheanta agus le riachtanais soláthair níos leithne de chuid BOOLI. Leanfaidh BOOLI air ag déanamh monatóireachta agus athbhreithnithe ar gach réimse caiteachais chun deiseanna a aithint ina gcuirfidh tairiscintí agus úsáid na gCreat Náisiúnta le haghaidh earraí agus seirbhísí an luach is fearr ar airgead ar fáil agus a chomhlíonfaidh riachtanais chomhlíontachta.

### **Calaois**

Níor tuairiscíodh aon chásanna calaoise faoi bheartas calaoise BOOLI sa bhliain 2022.

### **Nochtadh Cosanta**

Ní bhfuair BOOLI aon Nochtadh Cosanta sa bhliain 2022 faoi Acht na Nochtuithe Cosanta 2014.

### **Bainistíocht Riosca**

Tá plean Bainistíochta Riosca Corparáideach i bhfeidhm ag BOOLI san eagraíocht tríd síos. Rinneadh athbhreithniú ar an gClár Riosca ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2022. Leanann an coiste air ag déanamh monatóireachta ar fhorbairt Plean Straitéiseach Bainistithe Riosca BOOLI.

### **Fadhbanna ag Dul chun Cinn ag Leibhéal Earnála:**

#### **An Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair**

Cuireann Ciorclán 11/2014 iallach ar BOOnna ráitis shochar agus áirimh a chur ar fáil do bhaill an

Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair faoi dheireadh an Mheithimh 2014. Níor chomhlíon BOO an Longfoirt agus na hlarmhí a oibleagáidí ráitis pinsin bhliantúla a chur ar fáil do gach ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair in 2022. Mar sin féin, tá ráitis á gcur ar fáil do bhaill san áit go n-iarrann siad iad go haonarach agus tá tús aite á thabhairt do bhaill foirne atá ag druidim i dtreo scoir. Is fadhb í seo ar fud na hearnála BOO agus tá aghaidh á tabhairt ag an rannóg Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) na Roinne Oideachais i gcomhar le ETSI agus BOOnna aonair ag an leibhéal náisiúnta.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, cuireadh athruithe bogearraí i bhfeidhm ar an gcóras People XD maidir le Seirbhísí Roinnte Párolla de chuid BOO le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna maidir le ranníocaíochta pinsin do 95% d'íocaithe. Tá obair ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais do ríomhanna ilcheapacháin agus ríomhanna maidir le méideanna inchurtha. Bhunaigh an tSeirbhís Roinnte Gnó Oideachais (ESBS) Mol Sonraí de chuid an Chláir Feabhsaithe Pinsin agus tá scéim phíolótach ar bun le Bord Oideachais agus Oiliúna amháin chun sonraí a bhailiú le haghaidh ráitis feabhsaithe pinsin an Chláir Feabhsaithe Pinsin agus le haghaidh Databank de chuid an Chláir Feabhsaithe Pinsin. Is cuid den Chlár Feabhsaithe Pinsean iomlán atá á chur i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais é seo agus cuireadh foireann ar leith in ESBS i bhfeidhm atá ag obair go sonrach ar chúrsaí Ranníocaíochta Pinsin agus Aoisliúntais a réiteach. Is cuid lárnach de scóip an Chláir Feabhsaithe Pinsin seo é soláthar ráiteas sochar cruinn chuig baill an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.

### **Seirbhís Roinnte Gnó Oideachais**

Bunaíodh an t-ionad Seirbhís Roinnte Gnó Oideachais (ESBS) chun seirbhísí roinnte a chur ar fáil don earnáil Oideachais agus Oiliúna.

### **Seirbhísí Roinnte Párolla**

Tharla aistriú párolla BOOLI le haghaidh gach ball foirne chuid ESBS in Iúil 2020. Tá *ESBS* freagrach as an bpárolla a phróiseáil san áit go bhfuil BOOLI fós freagrach as eisiúint teoracha chuig seirbhísí roinnte maidir le hathruithe sna párollaí agus i bhfeidhm Acmhainní Daonna. Dhearbhaigh an Príomhfheidhmeannach gur chomhlíon sí a cuid freagrachtaí maidir le riachtanais an Mheabhráin Tuisceana agus an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse a síníodh agus atá i bhfeidhm idir BOOLI agus an Roinn Oideachais – An t-ionad Seirbhís Roinnte Gnó Oideachais. Cuireann na cáipéisí seo creat ar fáil le haghaidh feidhmiú Seirbhísí Roinnte Párolla BOO-*ESBS* ar son earnáil na mBOOnna. Braitheann an Príomhfheidhmeannach ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Oideachais chun a cinntiú go bhfuil rialaithe cuí i bhfeidhm i soláthar seirbhísí párolla an *ESBS* chuig BOOLI.

### **Costais lena n-áirítear Taisteal agus Maireachtáil**

Rolladh amach próiseáil íocaíochtaí costais lena n-áirítear Taisteal agus Maireachtáil (T&M). D'aistrigh BOOLI ár gcostais chuig *ESBS* i Ráithe 1 na bliana 2021

### **Párolla Printíseachtaí**

D'aistrigh BOOLI a phárolla printíseachtaí chuig an tseirbhís párolla bhainistithe a shocraigh *ESBS* i Márta 2020.

### **Íocaíochtaí Foghlaimoírí**

D'aistrigh BOOLI a íocaíochtaí foghlaimoírí chuig an tseirbhís párolla bhainistithe a shocraigh *ESBS* ina dhá chuid. Cuid a 1 i Lúnasa na bliana 2020 agus Cuid a 2 (Ógtheagmháil agus an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais) i Feabhra na bliana 2022.



## **Paindéim COVID-19**

Rinneadh meastóireacht ar thionchar COVID-19 agus ó thaobh láidreacht rialuithe inmheánacha, bíodh agus go raibh gá roinnt sreafaí oibre a mhionathrú, ba bheag iad na coigeartuithe a bhí le déanamh de bharr go raibh an chuid is mó dár gcórais scamall-bhunaithe agus/nó bhí rochtain orthu trí líonra príobháideach fíorúil.

Nuair a tharla COVID-19 bhí gá athbhreithniú a dhéanamh ar thimpeallacht rialaithe BOOLI agus ullmhaíodh Pleananna Leanúnachais Gnó nua le haghaidh gach réimse a bhí ag feidhmiú. De bharr cineál agus struchtúr ár gcórais airgeadais níor athraíodh na rioscaí rialaithe go hábhartha, bhí roinnt coigeartuithe i dtaobh sreabhadh oibre agus i roinnt cásanna b'éigean dualgais a athshannadh de bharr fadhbanna nascachta.

Bhí tionchar COVID-19 níos suntasaí i gcás BOOLI de bharr cur i bhfeidhm na Seirbhísí Roinnte le haghaidh Íocaíochtaí Foghlaimoirí agus Párola i míonna tosaigh na paindéime. Mar sin fein, pléadh go rathúil leo araon. Tugann an t-athbhreithniú ar Rialaithe Inmheánacha breac-chuntas ar na hathruithe riachtanacha a bhí de dhíth ar rannóga aonair. Rinneadh athbhreithniú leanúnach ar na Cláir Riosca i dtreoir leis an treoir ón Rialtas a mbíonn athrú ag teacht air.

Nuair a tháinig an phaindéim chuir BOOLI tascfhoireann COVID-19 i bhfeidhm agus chruinnigh an grúpa seo go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar an víris ar gach réimse den eagraíocht.

Cuireadh brú breise ar an bhfoireann i ngach rannóg de bharr go raibh an t-athraitheach Omicron a bhí ann chomh bisiúil. De réir mar a thagaimid amach ón gcéim sin beidh dúshlán bhreise ar fud na heagraíochta i dtaca le fillleadh ar na hoifigi agus le scaoileadh srianta.

## **Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**

Tá BOOLI tiomanta córas rialaithe inmheánaigh éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch a fheidhmiú. dearbhaíonn ... gur thug an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 ina gcruinniú ar an 6 Márta 2023 sa bhealach a ordaítear sa Chód Cleachtais le haghaidh Rialachas Bhoird Oideachais & Oiliúna.

Áiríodh leis seo:

- Chuir an Coiste Feidhmiúcháin tuairisc i láthair maidir lena athbhreithniú ar rialuithe (ó bhéal agus i dtuairisc scríofa) ag a chruinniú ar an 6 Márta 2023. Fuair an CIR dearbhú ón bPríomhfheidhmeannach go raibh an córas rialaithe inmheánaigh sásúil agus cuí dá mhéid agus atá indéanta go réasúnta. Bhunaigh an Príomhfheidhmeannach an ráiteas seo ar an bhfaisnéis a bailíodh ó bhainisteoirí sinsearacha ar fud na heagraíochta.
- Athbhreithniú ar thuairiscí iniúcháireachta inmheánaí agus seachtraí a eisíodh in 2022 agus go dtí seo in 2023
- Chruinnigh an CIR le hionadaithe ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC&C) agus ó III-BOOnna.
- Scrúdaigh an CIR miontuairiscí chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Airgeadais chun a chinntiú nach raibh aon mhírialtachtaí iontu i gcomparáid leis an meastóireacht ar rialuithe inmheánacha a cuireadh ar fáil don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca i dTuairiscí Iniúcháireachta Inmheánaí agus i léirithe Bainistíochta.
- Rinne III-BOO athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha idir Mí na Samhna 2021 agus Eanáir 2022. Rinneadh cúig mholadh san iomlán - dhá cheann meán agus trí cinn ísle. Tugadh aghaidh ar an dá cheann meán agus ar dhá cheann de na míreanna riosca ísle.
- Chuir an CIR tuairisc ar an athbhreithniú ar rialuithe i láthair don Bhord (ó bhéal agus i dtuairisc scríofa) ar an 20<sup>ú</sup> Márta 2023.
- Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí Rialachais agus Rialaithe sa bhliain 2022 lena n-áirítear:
  - Rannpháirtíocht idir an CIR, An Coiste Airgeadais, an Bord agus an Coiste Feidhmiúcháin.
  - Tuairiscí ón bPríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta, Stiúrthóir na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoil, Stiúrthóir an Bhreisoideachais agus an Bhreisoiliúna chuig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Cuireann Príomhoidí, Oifigigh Oideachais do Dhaoine Fásta, Airgeadas, Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha agus Soláthar uile bonn eolais faoi na tuairiscí seo mar chuid de phróiseas an Choiste Feidhmiúcháin maidir leis an athbhreithniú bliantúil ar rialaithe inmheánacha.

- Moltaí a rinne an ARC&C i litreacha bainistíochta agus i dtuairiscí eile
- Moltaí a rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí.
- Tuairiscí Bainistithe Riosca ó Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta.
- Coimeádtar an Clár Riosca suas chun dáta agus cuirtear i láthair don CIR é ar bhonn rialta.

Rinne an Bord athbhreithniú ar an ráiteas seo ag a chruinniú a reáchtáladh ar an 20 Márta 2023.

Sínithe:

  
Aoife Davitt (Jun 78, 7023 13466141 +1)

Cathaoirleach:  
Aoife Davitt

Dáta: 28<sup>ú</sup> Meitheamh 2023



## Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur i láthair os comhair Thithe an Oireachtais

**Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí**

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí i gcomhair na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2022 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Is é atá sna ráitis airgeadais ná

- an ráiteas oibriúcháin
- an ráiteas sócmhainní reatha agus dliteanais reatha, agus
- na nótaí a bhaineann leo, lena n-áirítear tuairisc ar bheartais shuntasacha chuntasafóchta

Dar liom,

- cuireann na ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an Bhoird i gcomhair na bliana 2022 agus riocht ghnóthaí an Bhoird ar an 31 Nollaig 2022 i láthair mar is cuí, agus
- tá na ráitis airgeadais i dtreoir leis na beartais chuntasafóchta a leag an tAire Oideachais síos.

### ***Bunús na tuairime***

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i dtreoir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAs) de réir mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin in aguisín na tuairisce seo. Tá mé neamhspleách ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiteiciúla eile atá orm i dtreoir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé chun bunús a chur ar fáil don tuairim atá agam.

### **Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile**

Chuir an Bord eolas áirithe eile i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais. Is é atá sa mhéid seo ná ráiteas maidir le freagrachtaí an Bhoird agus an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm i dtaca le faisnéis dá leithéid, agus maidir le cúrsaí áirithe eile a ndéanaim tuairisc orthu ar bhonn eisceachtúil, in aguisín na tuairisce seo.

### ***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Nochtaíonn an ráiteas ar rialú inmheánach gur thabhaigh an Bord caiteachas suntasach in 2022 i gcásanna nuair nár chomhlíon na nósanna imeachta a leanadh le treoirlínte maidir le soláthar poiblí. Leagann an ráiteas amach na céimeanna a thóg nó a phleanáil an Bord chun dul i ngleic leis an saincheist.

**Seamus McCarthy**  
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2023

## Aguisín na tuairisce

### Freagrachtaí Bhaill an Bhoird

De réir mar a sonraítear i ráiteas freagrachtaí an Bhoird, tá Baill an Bhoird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a shonraítear faoi alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- cibé rialuithe inmheánacha a chinneann siad a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú, bíodh sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas orm faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí agus tuairisciú chuig Títhe an Oireachtais maidir leo.

An cuspóir a bhíonn agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná deimhniú réasúnta maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Leibhéal ard deimhniú atá i gceist le deimhniú réasúnta, ach ní urrús atá ann go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i dtreoir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míshonrú más ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar gur ábhartha iad más rud é go bhféadfaí a bheith ag súil, ar bhonn réasúnta, go bhféadfaidís, ar bhonn aonair nó cumaisc, tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíocha a ghlacadh úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i dtreoir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, bainim leas as tuairim ghairmiúil agus coinním amhras gairmiúil san iniúchadh síos tríd. Trí seo a dhéanamh,

- Sainiúim agus déanaim meastóireacht ar rioscaí míshonraithe ábhartha na ráiteas airgeadais más calaóis nó earráid is cúis leis; dearaim agus cuirim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil dóibh siúd atá i mbaol i gcrích; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iontaoifa le bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le gan míshonrú ábhartha atá mar thoradh ar chalaois a aithint níos mó ná an riosca a bhaineann le gan ceann atá mar thoradh ar earráid a aithint, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, bréaglériú, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith fite fuaite ann.

- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí sa chás sin, ach ní ar mhaithe le tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meas ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus na nochtuithe a bhaineann leis.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas faoina gcúram maidir le raon agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta, mar aon le cúrsaí eile, agus maidir le torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easpa sa rialú inmheánach a shainiúim i gcaitheamh m'iniúchadh.

Tuairiscím d'eisceacht más ea, dar liom,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí uaim le haghaidh m'iniúchadh, nó
- murar leor na taifid chuntasáíochta chun gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus mar is ceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chineál tástail dhearbhairte in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de dhualgas orm faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an fhaisnéis eile a cuireadh ar fáil a léamh agus, trí sin a dhéanamh, meas a dhéanamh an bhfuil míréir idir an fhaisnéis eile agus na ráitis airgeadais nó eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil go ndearnadh ráiteas neamhchruinn ábhartha in aon slí eile. Má bhíonn sé de tháil agam, bunaithe ar an obair a bhíonn déanta agam, go bhfuil míshonrú ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, tá sé de dhualgas orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do chomaoineacha speisialta a bhaineann le Comhlacht Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainiúim cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an tslí ina ndearnadh gnó poiblí.

Tugaim faoi fhianaise a fháil maidir le rialtacht idirbhearta airgeadais i gcaitheamh an iniúchta. Tuairiscím má shainiúim aon chás ábhartha nár baineadh leas as airgead poiblí i gcomhair na bhfeidhmeanna a bhí i gceist nó aon chás nach raibh na hidirbhearta i dtreoir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

## Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

### Ráiteas Oibriúcháin i gcomhair na Bliana dar chríoch 31ú Nollaig 2022

	Nóta	An Bhliain dar Críoch 31/12/2022 €	An Bhliain dar Críoch 31/12/2021 €
<b>FÁLTAIS</b>			
Deontais Iar-bhunscoileanna & Phríomhoifige	3	31,968,986	29,445,175
Deontais Bhreisoideachais agus Bhreisoiliúna	4	30,345,860	24,095,289
Deontais Sheirbhísí Óige	5	1,043,225	1,014,336
Áisíneachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	6	1,980,035	1,647,855
Caipiteal	7	3,248,854	1,237,389
		<u>68,586,960</u>	<u>57,440,044</u>
<b>ÍOCAÍOCHTAÍ</b>			
Iar-bhunscoileanna & An Phríomhoifig	8	32,292,128	29,120,702
Breisoideachas agus Breisoiliúint	9	28,385,074	25,074,948
Seirbhísí Óige	10	1,037,861	1,112,821
Áisíneachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	11	1,976,268	1,658,470
Caipiteal	12	2,972,908	2,004,293
		<u>66,664,239</u>	<u>58,971,234</u>
<b>Barrachas Airgid / (Easnamh) Airgid don Bhliain</b>		1,922,721	(1,531,190)
<b>Athrú i nGlansócmhainní Reatha Eile</b>	13	<u>(1,886,135)</u>	<u>1,521,937</u>
<b>Barrachas / (Easnamh) Ioncaim Fabhráithe i gcomhair na Bliana</b>		36,586	(9,253)
<b>Barrachas / (Easnamh) Ioncaim ar an 1 Eanáir</b>		<u>(27,947)</u>	<u>(18,694)</u>
<b>Barrachas Ioncaim/ (Easnamh) Ioncaim ar an 31 Nollaig</b>	14	<u>8,639</u>	<u>(27,947)</u>

Sínithe:   
Aoife Davitt (2023-08-28 11:46:11)

Clr. Aoife Davitt  
Cathaoirleach

Dáta: 28 Meitheamh 2023

Sínithe:   
Liz Lavery (2023-08-28 09:54 GMT+0)

Uas. Liz Lavery  
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 28ú Meitheamh 2023

## Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

### Ráiteas maidir le Sócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha ar an 31 Nollaig 2022

	Nóta	31/12/2022 €	31/12/2021 €
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Deontais Stáit Athfhillteacha	<b>15</b>	641,328	566,908
Deontais Chaipitil Stáit	<b>16</b>	675,120	295,390
Ioncam Athfhillteach Eile	<b>17</b>	191,938	40,053
Féichiúnaithe Tríú Páirtí	<b>18</b>	434,096	277,504
Iarmhéid Bainc		8,375,883	6,453,160
		10,318,365	7,633,015
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
Deontais Stáit Athfhillteacha	<b>19</b>	5,623,097	4,381,021
Deontais Chaipitil Stáit	<b>20</b>	1,468,548	888,477
Ioncam Athfhillteach Eile	<b>21</b>	637,788	454,287
Dlíteanais Phá & Chostais	<b>22</b>	2,580,293	1,937,177
		10,309,726	7,660,962
Glansócmhainní Reatha I (Dlíteanais)		8,639	(27,947)
Léirithe ag			
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim	<b>14</b>	8,639	(27,947)


### Anailís an Bharrachais Ioncaim/ (Easnaimh) Ioncaim

Clár	Coinnithe	Ioncam	Coinnithe
	Barrachas/(Easnamh)	Fabhráithe Barrachas / (Easnamh)	Barrachas/(Easnamh)
	31/12/2022 €	I gcomhair 2022 €	31/12/2021 €
Scoileanna & An Phríomhoifig		7,149	35,091 (27,942)
Breisoideachas & Breisoiliúint Áisíneacht			
Féinmhaoiniú		1490	1495 (5)
	<b>14</b>	8,639	36,586 (27,947)

Síniú:

  
Aoife Davitt (28.12.2022 14:46:11)

Síniú:

  
Liz Lavery (28.12.2022 09:54:04)

Clr. Aoife Davitt  
Cathaoirleach

Uas. Liz Lavery  
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 28 Meitheamh 2023

Dáta: 28ú Meitheamh 2023

Is cuid de na Ráitís Airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 15 chuig 32

## **Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais – An Bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2022**

### **1. Beartais Chuntasaíochta**

#### **1.1 Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha**

Leagtar amach bunús na cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha a ghlac BOOLI chuige féin thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go leanúnach i gcaitheamh na bliana agus i gcaitheamh na bliana roimhe sin.

#### **1.2 Eolas Ginearálta**

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí ar an 1 Iúil 2013 agus leagtar amach a fheidhmeanna in alt 10 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

#### **1.3 (a) Bunús an Chuir i Láthair**

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair i bhfoirm a d'fhaomh an tAire Oideachais le toil an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe. Is é atá iontu ná Ráiteas Oibriúcháin, Ráiteas Sócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha, agus nótaí maidir leis na ráitis airgeadais lena n-áirítear Beartais Chuntasaíochta.

#### **(b) Aitheantas Ioncaim agus Caiteachais**

##### *Ioncam*

Aithnítear deontais oireachtais agus deontais eile ar bhonn airgid thirim. Aithnítear fáltais eile ar bhonn airgid thirim.

##### *Caiteachas*

##### *Pá*

Aithnítear caiteachas pá ar bhonn airgid thirim. Léiríonn pá luach saothair i gcomhair fostaithe lena n-airítear ÁSPC Fostóra.

##### *Neamhphá*

Aithnítear caiteachas Neamhphá ar bhonn airgid. Is é atá sa chaiteachas neamhphá ná costais riaracháin agus feidhmiúcháin.

##### *Liúntais*

Aithnítear caiteachas liúntais ar bhonn airgid thirim. Íoctar liúntais le foghlaimeoirí a bhíonn ag tabhairt faoi chlár Bhreisoideachais agus Bhreisoiliúna arna maoiniú ag SOLAS.

Cuirtear an Ráiteas Oibriúcháin i láthair trí fháltais airgid agus íocaíochtaí airgid trí Ghrúpáil clár.

Coigeartaítear an barrachas / (t-easnamh) airgid thirim le haghaidh athrú sna Sócmhainní Reatha (gan Banc san áireamh) agus sna Dlíteanais Reatha chun toradh iomlán i gcomhair na bliana a thabhairt ar bhonn fabhráithe.

#### **(c) Aitheantas Sócmhainní agus Dlíteanais**

Ullmhaítear an Ráiteas maidir le Sócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha ar bhonn fabhráithe trí dheontais stáit agus iarmhéid maoinitheoirí eile a chinneadh ag luachanna a fhreagraíonn don fháltas gaolmhar a fuarthas agus don chaiteachas a thabhaítear agus i dtreoir leis na rialacha maoinithe.

##### *Deontais Stáit Athfhillteacha*

Is iad na deontais seo príomhmaoiniú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

##### *Deontais Chaipitil*

Baintear úsáid as na deontais seo chun costais tógála, ceannaithe réadmhaoine agus athchóirithe a chlúdach, agus i gcásanna airithe d'fhéadfaí iad a úsáid le haghaidh suiteacha, feisteas, trealamh agus troscán.

##### *Ioncam Athfhillteach Eile*

Áisíneacht agus Tionscadail Féinmhaoinithe

Baineann obair áisíneachta le clár a réachtáil ar son eagraíochta eile nó ar son scoláirí de réir critéir chomhaontaithe agus tugtar cúiteamh don Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar na costais a bhaineann leis. Is é atá i gceist le Tionscadail Féinmhaoinithe ná clár a réachtáiltear faoi smacht iomlán an Bhoird le haghaidh an Bhoird Oideachais agus Oiliúna nó le haghaidh eagraíochtaí eile.

##### *Sócmhainní Eile agus Dlíteanais*

Cuirtear Féichiúnaithe Tríú Páirtí san áireamh sna Sócmhainní Reatha. Cuirtear Dlíteanais Phá agus Chostais san áireamh sna Dlíteanais Reatha.

##### *Coibhneasta*

Nuair is gá, cuirtear in iúl na figiúirí coibhneasta le haghaidh na bliana roimhe arís ar an mbonn céanna leo siúd sa bhliain reatha.

# Nótaí Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí maidir leis na Ráitis Airgeadais – An Bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2022

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (d) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Cuirtear gach sócmhainn inláimhsithe a cheannaítear lena n-airítear foirgnimh, infreastruchtúr, gnóthú réadmhaoine, costais athchóirithe, suiteacha, feisteas, trealamh agus troscán mar chostas i mbliain a gceannaithe. Aithnítear deontais stáit le haghaidh sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach sa bhliain chéanna.

### (e) Stoic

Cuirtear gach stoc intomhalta mar chostas de réir mar a cheannaítear iad.

### (f) Aoisliúntas

Bronntar teidlíochtaí pinsin bhaill foirne BOOLI, lena n-airítear iad siúd a d'aistrigh ó SOLAS, faoi scéimeanna sochair shainaitheanta. Cuirtear baill foirne a fostaíodh ó 2013 san áireamh sa Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair agus déantar íocaíochtaí míosúla chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe.

Coinníonn BOOLI asbhaintí aoisliúntais a dhéantar ó phá fostaithe i dtaca leis na scéimeanna mar chuid den mhaoiniú státchiste comhaontaithe nó íoctar é chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe.

Ní dhéanann BOOÉ aon ranníocaíochtaí i dtreo na scéimeanna. Feidhmítear na scéimeanna neamhchistithe seo

ar bhonn íoc mar a úsáidtear agus teidlíochtaí pinsin bliantúla á íoc go díreach ag an Oifig Seirbhíse Roinnte Náisiúnta thar ceann BOOÉ. Bíonn BOOnna freagrach as riaradh a bpinsin.

Cuireann an Roinn Oideachais cistí pinsin ar fáil.

Ní dhearnadh aon fhoráil sna ráitis airgeadais le haghaidh costas reatha na sochar amach anseo atá fabhráithe ag baill foirne agus ag pinsinéirí reatha faoi na scéimeanna seo.

### (g) Léasanna

Cuirtear gach cíos léasa mar chostas de réir mar a thabhaítear iad.

## 2 Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí Oideachas agus Oiliúint ar fáil de réir mar a leagtar amach thíos:

Scoileanna/nlonad	Líon na Seirbhíse*	Líon na Rannpháirtithe	Líon na dTairbhíthe
Oideachas Dara Leibhéal	9	3,488	
Breisoideachas agus Breisoiliúint (BOBO)	11		9,242
Páirtaimseartha / Ranganna Oíche****	1		110

\*Líon na Scoileanna/nlonad óna gcuireann BOOLI seirbhíse agus gníomhaíochtaí oideachais ar fáil.

\*\*I gcomhair an dara leibhéal tá séseobunaithe ar rollú na bliana acadúla.

Le haghaidh BOBO agus ranganna páirtaimseartha / oíche tá sé seo bunaithe ar rollaithe aonair sa bhliain féilire.

•••Tagraíonn tairbhíthe don líon iomlán áiteanna a glacadh sa bhliain. Ríomhtar é seo trí na rollaithe de réir mar a bhí ar an 1 Eanáir agus gach rollú ina dhiaidh sin le linn na bliana a shuimiú.

\*\*\*\*Cuirtear Rannpháirtithe agus Tairbhíthe de chuid Ranganna Páirtaimseartha/Oíche na nlonad Oiliúna san áireamh sna huimhreacha Breisoideachais agus Breisoiliúna (BOBO).



**Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí**  
**Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais – An Bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2022**

<b>3 Fáltas Iar-bhunscoileanna &amp; Príomhoifige</b>	<b>An Bhliain dar Críoch 31/12/2022</b>	<b>An Bhliain dar Críoch 31/12/2021</b>
	€	€
An Roinn Oideachais		
Pá	28,436,623	25,813,217
** Neamhphá	2,175,196	1,793,172
Cláir Bhainteacha	1,277,092	1,722,649
An Roinn Oideachais - foriomlán	<u>31,888,911</u>	<u>29,329,039</u>
Táillí teagaisc - scoláirí	12,465	24,059
Comhlachtaí Poiblí Éireannacha	67,610	91,228
Eile	-	850
	<u><u>31,968,986</u></u>	<u><u>29,445,176</u></u>

